

Uirlis tacaíochta chun eolaíocht na bunscoile a theagasc trí chomhthéacsanna inbhuanaitheachta

Cén chaoi a n-úsáidfidh mé é?

Níl aon bhealach ceart ná mícheart ann na gréasán inbhuanaitheachta a úsáid. Molaimid na bealá seo a leanas:

- Chun tacú leat eolaíocht a theagasc trí chomhthéacsanna spéisiúla a bhaineann leis an inbhuanaitheacht.**

I gcás na ngréasán inbhuanaitheachta a bhaineann leis an topaic eolaíocha atá ar intinn agat, tarraingeoidh na gréasán aird ar dhá chomhthéacs inbhuanaitheachta fhéideartha, molfar gníomhaíochtaí don seomra ranga, agus tabharfar naisc úsáideacha le haghaidh tuilleadh eolais.

- Chun tacú le fócas ar an inbhuanaitheacht don scoil uile nó do ghrúpa bliana uile a phleanáil.**

Má tá fócas ar an inbhuanaitheacht á phleanáil, tabharfaidh na gréasán smaointe duit faoi chomhthéacsanna agus gníomhaíochtaí suimiúla inbhuanaitheachta le haghaidh aoisgrúpaí difriúla. Nascfaidh siad le topaicí curaclaim san eolaíocht, agus molfar túsphointí freisin chun scileanna litearthachta, uimheartachta, amharcealaón agus teicneolaíocha faisnéise a chleachtadh.

Cibé cén bealach a mbaineann tú úsáid as na gréasán, molaimid na comhthéacsanna a úsáid chun suim a mhúscailt i dtópaic.

Is féidir iad sin a úsáid chun an topaic a chur i láthair go fiúntach. I rith an cheachta, nuair a fheiceann páistí an nasc den chéad uair, faigheann siad comhthéacs fiúntach le haghaidh na topaice eolaíocha atá le foghlaim acu. Is féidir iad a úsáid chun a smaointe faoin inbhuanaitheacht agus a bhfeasacht ar an gcomhshaol trí chéile a fhorbairt. Is féidir na comhthéacsanna sin a úsáid chun a scileanna oibre eolaíche a fhorbairt, chomh maith le feasacht a mhéadú ar an gcaoi a mbíonn eolaithe ag dul i bhfeidhm go fiúntach ar aghaidh a thabhairt ar cheisteanna inbhuanaitheachta.

Céard é féin?

Ceapadh na gréasán inbhuanaitheachta chun cabhrú leat do theagasc curaclaim reatha a nascadh le ceisteanna inbhuanaitheachta. Tá dhá chomhthéacs inbhuanaitheachta dhifriúla i ngach gréasán; is féidir iad a úsáid bunaithe ar an topaic eolaíocha chéanna. Bíonn aoisraon molta ag gabháil le gach gréasán freisin: 4–7 mbliana, 7–9 mbliana nó 9–11 blhain.

Ceapadh gach gréasán inbhuanaitheachta chun forléargas tapa a thabhairt duit ar an gcaoi a bhféadfaí comhthéacsanna inbhuanaitheachta a nascadh leis an topaic eolaíocha, agus chun gníomhaíochtaí sonracha a mholadh duit don rang. **Ní thugtar pleannanna ceachta cuimsitheacha.**

Tarraingítear aird sna gréasán ar dheiseanna chun scileanna litearthachta agus uimheartachta a chleachtadh, chomh maith le scileanna oibre eolaíche ginearálta, amharcealaón agus teicneolaíocha faisnéise.

Céard le haghaidh na rannóga éagsúla?

Roinntear gach gréasán ina rannóga mar seo a leanas:

